C/2026/5247

8.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5247)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Saint-Bris’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0197-AM01 — 13.7.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Saint-Bris’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tríú tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiaflaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC ‘Saint-Bris’ le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Dá bhrí sin, measann údaráis na Fraince gur iarratas ar leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Limistéar geografach

Tuairisc

I gCaibidil I(IV)(1) den tsonraíocht táirge, cuireadh an frása ‘ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024’ isteach i ndiaidh na bhfocal ‘Roinn Yonne’.

Leis an leasú eagarthóireachta seo, is féidir an limistéar geografach a aithint trí thagairt do leagan 2024 den Chód Geografach Oifigiúil, arb iad an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus an Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) a fhoilsíonn é agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Cuireadh an frása ‘Is féidir léarscáileanna den limistéar geografach a rochtain ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO)’ isteach freisin.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin gceannteideal ‘Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe’.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar dáileachta críochaithe

Tuairisc

Leasaíodh an abairt deiridh i gCaibidil I, Roinn IV(2) den tsonraíocht táirge chun an méid seo a leanas a dhéanamh: ‘Is féidir léarscáileanna den limistéar dáileachta críochaithe a rochtain ar shuíomh gréasáin INAO.’

Tar éis cinneadh ón gcoiste náisiúnta inniúil, d’athraigh INAO a nósanna imeachta agus ní chuirfidh sé léarscáileanna an limistéir dáileachta talún críochaithe faoi bhráid hallaí baile na mbardas ábhartha a thuilleadh ach foilseoidh sé iad go díreach ar a shuíomh gréasáin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar díreach in aice láimhe

Tuairisc

I gCaibidil I(IV)(3) den tsonraíocht táirge, cuireadh an frása ‘ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024’ isteach i ndiaidh na bhfocal ‘Roinn Yonne’.

Leis an leasú eagarthóireachta seo is féidir an limistéar atá díreach in aice láimhe a shainaithint le tagairt do leagan 2024 den Chód Geografach Oifigiúil, arna fhoilsiú ag INSEE. Tríd an mionsonra sin a chur isteach, tugtar deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar sin.

Tugadh ainmneacha na mbardas atá sa limistéar cothrom le dáta chun athruithe riaracháin a chur san áireamh, ach níl aon athrú ar theorainneacha an limistéir.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin gceannteideal ‘Ceanglais bhreise is infheidhme’.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Córais treoraithe fíniúnacha: dlús plandaithe

Tuairisc

I gCaibidil I(IV)(1) den tsonraíocht táirge, cuireadh an mhír seo a leanas leis: ‘Is é 0,70 méadar ar a laghad an scaradh plandaí idir fíniúnacha sa tsraith chéanna a cuireadh roimh an 25 Deireadh Fómhair 2009.’

Leis an riail sin, ceadaítear d’fhíniúnacha a cuireadh roimh chéad fhormheas na sonraíochta táirge, a chomhlíon ceanglais an téacs rialála lena rialaítear an t-ainmniúchán ansin, leanúint d’fhíniúnacha coiteanna atá beartaithe don ainmniúchán a tháirgeadh.

Leasaíodh an pointe doiciméid aonair ‘Cleachtais fhíoneolaíochta’.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Bainistiú fíonghort – Rialacha maidir le prúnáil

Tuairisc

I gCaibidil I(IV)(1)(b) den tsonraíocht, leasaíodh an fhoclaíocht chun prúnáil dhúbailte Guyot a cheadú agus chun deireadh a chur leis an teorainn ar an líon bachlóg in aghaidh na fíniúna.

Fágann na hathruithe sin go bhfuil obair na bhfíonsaothraithe níos éasca.

Leasaíodh an pointe doiciméid aonair 'Cleachtais fhíoneolaíochta'.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cleachtais saothraithe eile

Tuairisc

Baineadh an rogha modhanna seachas cóireáil uisce the a úsáid chun galar buíochain a chomhrac ó Chaibidil I, Roinn VI(2)(b) den tsonraíocht táirge, ós rud é nár cruthaíodh go bhfuil aon mhodh malartach éifeachtach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Faisnéis faoin gcomhlacht cigireachta

Tuairisc

Leasaíodh na forálacha a bhaineann leis an gcomhlacht cigireachta a leagtar amach i gCaibidil III(II) den tsonraíocht chun na rialacha nua maidir le dréachtú a chomhlíonadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Saint-Bris'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0197-AM01 — 13.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Saint-Bris'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Táirge fíniúna

Fíon geal

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Gan saintréithe speisialta.

Dea-bholadh

I bhformhór na gcásanna, cuireann an chumhracht torthaí i gcuimhne (torthaí citris agus bachlóga cuiríní dubha go minic), in éineacht le bolaithe glasa fíneálta den chuid is mó (lus súgach, caor throim).

Blas

Bíonn an fíon úr go ginearálta, deas aigéadach agus bíonn leibhéal maith mianrachta mar shaintréith aige. Tá na saintréithe inaitheanta sin bunaithe ar mhéid áirithe aigéadachta a choinneáil ar bun chun beocht agus úire an fhíona a thabhairt amach nuair a óltar é agus é óg. Tar éis cúpla bliain, is féidir taitneamh a bhaint as an bhfíon mar gheall ar a chastacht mhianrach.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 10 % de réir toirte ag na fíonta geala.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian maidir le fíonóireacht

Tuairisc

Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

Tar éis saibhriú, ní bhíonn neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta níos mó ná 12,8 %.

Comhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha a úsáidtear chun na fíonta a dhéanamh rialacháin an Aontais.

Cleachtas fíoneolaíoch

Bainistiú fíonghort

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

— Dlús plandaithe: Is é 7 000 fíniún in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha, agus achar uasta 1,30 méadar idir sraitheanna agus achar íosta 0,80 méadar idir plandaí sa tsraith chéanna. Is é 0,70 méadar ar a laghad an scaradh plandaí idir fíniúnacha sa tsraith chéanna a cuireadh roimh an 25 Deireadh Fómhair 2009.

— Rialacha maidir le prúnáil: Déantar na fíonta as fíniúnacha coiteanna a fhástar ar fhíniúnacha a phrúnáiltear de réir mhodh Guyot aonair nó dúbailte; Déantar na cána a phrúnáil go hocht mbachlóg ar a mhéad agus dhá spor ar a mhéad, rud a fhágann gur féidir suíomh an chána a mhalartú ó bhliain go chéile;

— Níor cheart níos mó ná 75 000 bachlóg a bheith ann in aghaidh an heicteáir; Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil chun bachlóga breise a fhágáil ar choinníoll, ag an gcéim feineolaíochta a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog, nach mó an líon péacán torthaí don bhliain in aghaidh an phlanda ná an líon bachlóg a cheadaítear leis na rialacha prúnála.

— Toirmisctear an t-uisciú.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta socra geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	70
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Sauvignon B - Sauvignon Blanc

— Sauvignon Gris G - Fié Gris

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta sna bardais seo a leanas de chuid roinn Yonne, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024: Chitry, Irancy, Quenne, Saint-Bris-le-Vineux agus Vincelottes.

Is féidir breathnú ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Sonraí an limistéir gheografaigh

(a) Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Cumhdaíonn an limistéar geografach fánaí gleanna bhig thirim atá suite ar bhruach deas Abhainn Yonne, i gcroílár fhíonghoirt Auxerrois, 10 gciliméadar suas an abhainn ó chathair Auxerre (Roinn Yonne). Tá fíonghoirt Auxerrois ina gcuid de struchtúr mór geomoirfeolaíoch in Imchuach Pháras, cuaiste 'Côte des Bars', ar tír-raon ardaithe é a chruthaigh ardchlár crua aolchloiche (*le Calcaire du Barrois*). Téann an t-ardchlár ardaithe sin thar fhána chuasach fhada arb é atá ina fho-ithir mharla dhlúth neamhscagach (meascán de chré agus aol), an 'Marnes à Exogyra virgula'. Is iondúil go mbíonn an marla lena bhfoirmítear an fhána clúdaithe i sraith sciligh ina bhfuil ábhar mín atá measctha le cnapáin níos gairbhe aolchloiche. Bíonn an tír-raon ardaithe sách casta go ginearálta, ina bhfuil an iliomad gleannta beaga a chruthaíonn roinnt mhaith fánaí a bhfuil aghaidh acu i dtreonna éagsúla. Tá na fíonghoirt suite go príomha ar an gclaon marla, ar chré-ithir dhea-dhraenáilte ina bhfuil cion ard cailce, agus cuirtear iad freisin feadh imeall an ardchláir ardaithe, a bhfuil ithreacha éadoimhne agus an-chlochach ann. Tá aeráid mhuirí fhionnuar ag na fíonghoirt sin Bíonn an bháisteach measartha agus dáilte go cothrom i rith na bliana, agus meán bliantúil 650 milliméadar taifeadta in Auxerre, ach bíonn na teochtaí, fionnuar, agus meán bliantúil 10,8 °C, measctha go leor ag brath ar an séasúr, agus tá fíorbhaol seaca ann san earrach. Tá na dáileachtaí talún a úsáidtear le haghaidh bhuain na bhfíonchaor idir 150 agus 300 méadar ar airde agus bunaíodh iad i suíomhanna sonracha: - ar na limistéir ardaithe taobh thiar de 'Côte des Bars', ag airde thart ar 300 méadar agus gan mórán cosanta ón ngaoth; - ar na fánaí marla a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh suite siar/siar ó thuaidh.

(b) Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc

Tá na cineálacha Sauvignon B agus Sauvignon Gris G á saothrú in 'Saint-Bris' ó bhí lár an 19ú céad ann. Fásann siad taobh leis na cineálacha traidisiúnta Burgúine (Pinot Noir N, Chardonnay B, Aligoté B, etc.), agus is minic a chuirtear le chéile iad laistigh den dáileacht talún chéanna. Is éard atá ann sainiúlacht earnáil 'Saint-Bris', agus tugtar 'blanc fumé' [geal deataithe] ar na fíonta, ainm a thagann ó fhíonghoirt 'Sancerre' agus 'Pouilly-sur-Loire' in aice láimhe i ngleann an Loire. Cé nach bhfuil na cineálacha Sauvignon B agus Sauvignon Gris G údaraithe chun fíonta a tháirgeadh atá incháilithe d'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint sa Bhurgúin (faoi Fhoraitheanta an 31 Iúil 1936), tháinig táirgeoirí i réigiún 'Saint-Bris' le chéile chun iad a chaomhnú mar chuid dá bhfíonghoirt, trína bhfíonú ar leithligh agus trí dháileachtaí talún a roghnaíodh go beacht a leithdháileadh orthu. Cuireadh comharchumann déantóirí fíona ar bun in 1962 chun an fíon sin a chaomhnú agus a chur chun cinn. Tá úrnuacht na bhfíonta ó na dáileachtaí talún sin á haithint de réir a chéile, ar dtús mar ainmniúchán tionscnaimh simplí 'Sauvignon de Saint-Bris', ansin in 1974 mar vin délimité de qualité supérieure [fíon ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh ardcháilíochta] 'Sauvignon de Saint-Bris', agus ar deireadh, ón 10 Eanáir 2003, mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Saint-Bris'. In 2009, chumhdaigh na fíonghoirt a úsáideadh chun an fíon sin a tháirgeadh 123 heicteár. Saothraítear na fíniúnacha i gcomhréir le cleachtais fíonsaothrúcháin réigiún Auxerrois, le dlús plandaithe íosta 7 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir agus úsáid á baint as modh treoraithe Guyot.

(c) Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge

Bíonn an fíon úr agus dea-aigéadach go ginearálta le dea-bholaithe a chuireann torthaí i gcuimhne (torthaí citris agus bachlóga cuiríní dubha go minic), in éineacht le bolaithe glasa fíneálta den chuid is mó (lus súgach, caor throim), agus leibhéal maith mianrachta. Tá saintréith an fhíona bunaithe ar aigéadacht áirithe a choinneáil ar bun, a bhfuil sé d'aidhm aige a bheogacht agus a úire a thabhairt amach nuair a óltar é agus é óg. Tar éis cúpla bliain, is féidir taitneamh a bhaint as an bhfíon mar gheall ar a chastacht mhianrach.

(d) Idirghníomhaíochtaí cúisíocha

Tá stádas uathúil sa Bhurgúin ag ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Saint-Bris', a tháirgtear ó na cineálacha Sauvignon B agus Sauvignon Gris G.Tar éis aitheantas a thabhairt d'ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint na Burgúine, níor mhair na cineálacha sin, a saothraíodh sa 19ú céad agus go luath sa 20ú céad i réigiún Auxerrois, ach ar na fánaí timpeall shráidbhaile Saint-Bris. Tháinig na táirgeoirí gona saineolas go tapa ar fhíon a raibh úrnuacht mhór aige, a ndéanann a shaintréithe idirdhealú idir é agus fíonta eile. Tá na dáileachtaí talún atá beartaithe le haghaidh buain fíonchaor suite go príomha i mbardas Saint-Bris, agus tá roinnt seach-iarmharta i roinnt limistéar de na ceithre bhardas chomharsanacha. Is fearr fíniúnacha coiteanna ó na fánaí a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh agus thiar ar an bhfostratam marla agus ó imill na n-ardchlár aolchloiche ag airdí níos airde. Áirithítear leis na suíomhanna sin go léirítear úire agus castacht mhianrach sna fíonta, atá le hól agus iad óg. Dá bhrí sin, bhí táirgeoirí sa réigiún sin in ann táirgeadh fíona úrnua a bhfuil céannacht láidir aige a choinneáil ar bun. Agus cáil air go háitiúil, síneann a cháil i

gcomhréir lena tháirgeadh. Is táirge inaitheanta é an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Saint-Bris' atá an-logánaithe, uathúil sa Bhurgúin agus cineál comharthach laistigh de réigiún Auxerrois, lena gcomhcheanglaítear traidisiúin agus saineolas na Burgúine le tionchair na réigiún fíonsaothrúcháin máguaird.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais bhreise / an mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

An limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le fíonsaothrú, táirgeadh agus aibiú, cuimsítear leis críoch na mbardas seo a leanas de roinn Yonne, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2024: Aigremont, Annay-sur-Serein, Arcy-sur-Cure, Augy, Auxerre, Bazarnes, Beine, Bernouil, Béru, Bessy-sur-Cure, Bleigny-le-Carreau, Censy, Chablis, Champs-sur-Yonne, Charentenay, Châtel-Gérard, Chemilly-sur-Serein, Cheney, Chevannes, Chichée, Collan, Coulangeron, Coulanges-la-Vineuse, Courgis, Dannemoine, Deux-Rivières, Dyé, Epineuil, Escamps, Escolives-Sainte-Camille, Fleys, Fontenay-près-Chablis, Gy-l'Evêque, Héry, Jouancy, Junay, Jussy, La-Chapelle-Vaupelteigne, Lichères-près-Aigremont, Lignorelles, Ligny-le-Châtel, Lucy-sur-Cure, Maligny, Mélisey, Merry-Sec, Migé, Molay, Molosmes, Montigny-la-Resle, Mouffy, Moulins-en-Tonnerois, Nitry, Noyers, Ouanne, Pasilly, Poilly-sur-Serein, Pontigny, Préhy, Roffey, Rouvray, Saint-Cyr-les-Colons, Sainte-Pallaye, Sainte-Vertu, Sarry, Serrigny, Tissey, Tonnerre, Tronchoy, Val-de-Mercy, Vallan, Venouse, Venoy, Vermenton, Vézannes, Vézinnes, Villeneuve-Saint-Salves, Villy, Vincelles, Viviers agus Yrouerre.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais bhreise / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

(a) Maidir le méid litreacha na dtéarmaí roghnacha uile a bhféadfaidh a n-úsáid, faoi fhorálacha an Chomhphobail, a bheith rialaithe ag na Ballstáit, níor cheart iad a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an Ainmniúcháin Tionscnaimh faoi Chosaint.

(b) Féadfaidh ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith le feiceáil ar lipéid fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, ar choinníoll: - is ainm áite sa chlár talún é; - tá sé le feiceáil ar an dearbhú buana. Ní mór ainm na háite cláraithe a phriontáil i litreacha is mó, ar airde ná ar leithead, ná leath de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

(c) I gcás ina sonraítear an cineál finiúna ar an lipéadú, níor cheart an cineál fíniúna a bheith le feiceáil sa réimse radhairc céanna leis na míreanna éigeantacha ná níor cheart é a phriontáil i litreacha atá níos mó ná 2 mm.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-9753b9fd-cc2c-48f4-bfb5-b6178e3c9113